2024/2939

11.12.2024

**CINNEADH (AE) 2024/2939 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 14 Samhain 2024**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/2248 maidir le cionroinnt ioncam airgeadaíochta bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (BCE/2016/36)** ***(BCE/2024/33)***

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 32 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Márta 2024, chinn an Chomhairle Rialaithe athruithe a thabhairt isteach sa chreat oibríochtúil chun beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme. Ba cheart luach saothair na difríochta idir luach sócmhainní in áirithe bainc ceannais náisiúnta agus luach a bhoinn dliteanais a athrú chun an éifeacht ar ioncam airgeadaíochta a eascraíonn as athruithe ar staideanna glansócmhainní airgeadais an bhainc ceannais náisiúnta a íoslaghdú. Ina theannta sin, ba cheart luach saothair a thabhairt d'éilimh agus dliteanais laistigh den Eurochóras trí chritéar oibiachtúil a chur i bhfeidhm chun costas airgid a shainiú. Sa chomhthéacs sin, meastar go bhfuil an ráta úis ar an tsaoráid taisce iomchuí.

(2) Sa chlár comhardaithe comhchuibhithe (harmonised balance sheet, HBS) ní cheart do na bainc cheannais náisiúnta aon iarmhéideanna Eurochórais a thuairisciú faoi mhír dliteanais HBS 10.2 'Dliteanais a bhaineann le deimhnithe fiachais BCE a eisiúint' nó níor cheart do BCE aon iarmhéideanna den sórt sin a thuairisciú faoi mhír sócmhainne HBS 9.3 'Éilimh a bhaineann le deimhnithe fiachais BCE a eisiúint'. Ba cheart d'ítim dliteanais HBS 10.2 dliteanais TARGET a thuairisciú ar leithligh ó na dliteanais eile in-Eurochórais, ar cheart iad a thuairisciú faoi ítim dliteanais HBS 10.4 'Dliteanais eile laistigh den Eurochóras (glan)'. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart don ítim sócmhainne HBS 9.3 éilimh TARGET a thuairisciú ar leithligh ó éilimh eile laistigh den Eurochóras. Chun críocha ioncam airgeadaíochta a leithdháileadh, ba cheart comhdhéanamh an bhoinn dliteanais agus liosta na sócmhainní in-leithroinnte a leasú chun na gnéithe sin a léiriú

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Treoirlíne (AE) 2016/2248 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/36) ([1]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉÍS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú**

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(j) de Chinneadh (AE) 2016/2248 (BCE/2016/36):

'(j) ciallaíonn "ráta tagartha" an ráta úis is déanaí atá ar fáil a chuirtear i bhfeidhm ar an tsaoráid taisce a thairgeann an Eurochóras de réir Airteagail 21 go 23 de Threoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/60) (*);

(*) Treoirlíne (AE) 2015/510 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Nollaig 2014 maidir le creat beartais airgeadaíochta an Eurochórais a chur chun feidhme (Treoirlíne maidir le Doiciméid Ghinearálta) (BCE/2014/60) (IO L 91, 2.4.2015, lch. 3).'

2. Leasaítear Iarscríbhinní I agus II i gcomhréir le hIarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (AE) 2016/2248 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2016 maidir le cionroinnt ioncaim airgeadaíochta bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (BCE/2016/36) (IO L 347, 20.12.2016, lch. 26).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 14 Samhain 2024.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN*

1. Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (AE) 2016/2248 (BCE/2016/36) mar a leanas:

   a) i roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

      ‘4. Glandliteanais laistigh den Eurochóras atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET arna n-íoc de réir an ráta tagartha (cuid d’ítim dhliteanais 10.2 den HBS).’;

   b) i roinn A, scriostar mír 6.

2. Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (AE) 2016/2248 (BCE/2016/36) mar a leanas:

   (a) i roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

      ‘4. Glanéilimh laistigh den Eurochóras atá mar thoradh ar idirbhearta TARGET arna n-íoc de réir an ráta tagartha (cuid d’ítim sócmhainne 9.3 den HBS).’;

   (b) i roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

      ‘5. Glanéilimh in-Eurochórais ar nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 4 den Chinneadh seo (cuid d’ítim sócmhainne 9.4 de HBS).’;

   (c) i roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

      ‘8. Éilimh agus urrúis gan íoc a eascraíonn as mainneachtain contrapháirtithe nó eisitheoirí incháilithe i gcomhthéacs oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eurochórais, agus/nó sócmhainní airgeadais nó éilimh i gcoinne tríú páirtithe arna leithreasú agus/nó a fuarthas agus comhthaobhacht arna cur isteach ag contrapháirtithe de chuid an Eurochórais a mhainnigh á réadú, i gcomhthéacs oibríochtaí creidmheasa de chuid an Eurochórais, ar oibríochtaí iad a athríodh ó hítim shócmhainne 5 den chlár comhardaithe comhchuibhithe go hítim eile den chlár sin (cuid d’ítim shócmhainne 11.6 den chlár comhardaithe comhchuibhithe).’.